AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.3.2022
COM(2022) 127 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 606/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 i ndáil le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta

1. RÉAMHRÁ

1.1. Cúlra

Le Rialachán (AE) Uimh. 606/2013 maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta[1] (an 'Rialachán') déantar Treoir 2011/99/AE maidir leis an ordú cosanta Eorpach[2] (an 'Treoir') a chomhlánú. Is codanna den phacáiste reachtach céanna an dá ghníomh. Glacadh an Rialachán an 12 Meitheamh 2013, ar bhonn Airteagal 81(2)(a), (e) agus (f) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

I dteannta Threoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta íospartaigh na coireachta, maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh agus maidir le hiad a chosaint[3] (an 'Treoir Maidir le Cearta Íospartach'), is tacar beart comhsheasmhach iad an Treoir agus an Rialachán. Dá bhua sin, neartaítear cearta agus cosaint íospartaigh na coireachta agus na ndaoine a d'fhéadfadh a bheidh ina n-íospartaigh agus iad ag taisteal nó ag dul chun cónaithe i mBallstát eile.

Is aidhm don Treoir agus don Rialachán an cuspóir sin a bhaint amach trí bhunús dlí a sholáthar do na húdaráis inniúla sna Ballstáit chun orduithe cosanta a dheonaítear i mBallstát eile a aithint. Faoin gcreat dlí sin, ní mór do gach Ballstát na horduithe cosanta in ábhair choiriúla agus na bearta cosanta sibhialta araon a eisítear i mBallstát eile a aithint agus a fhorghníomhú.

De réir mar a cheanglaítear faoi Airteagal 21 den Rialachán, déantar measúnú sa tuarascáil seo ar a chur i bhfeidhm. Ní mór don Choimisiún Eorpach, freisin, tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, mar aon le tograí le haghaidh leasuithe, más gá. Cé go raibh an tuarascáil le cur isteach faoin 11 Eanáir 2021, chuir ráig phaindéim COVID-19 sa chéad leath de 2020 brú ar an gCoimisiún nach raibh a leithéid air roimhe sin chun plé le comhaid phráinneacha a bhain le COVID-19. Chuir sé sin moill ar an measúnú agus ar fhoilsiú an mheasúnaithe.

Comhlánaíonn an Rialachán an Treoir chun a áirithiú nach mbeidh aon lúb ar lár dlíthiúil i gcreat an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach na mbeart cosanta le haghaidh íospartaigh na coireachta. Dá bhrí sin, ní mór an tuarascáil seo a léamh in éineacht leis an tuarascáil maidir le cur chun feidhme na Treorach, arna foilsiú ag an gCoimisiún an 11 Bealtaine 2020[4]. Le chéile, tugann an dá thuarascáil léargas iomlán ar na rialacha íosta a bhfuil feidhm acu ar fud an Aontais maidir leis na húdaráis inniúla sna Ballstáit na bearta cosanta a aithint agus a fhorghníomhú go trasnáisiúnta.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 606/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta (IO L 181, 29.6.2013, lch. 4).

2 Treoir 2011/99/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir leis an ordú cosanta Eorpach (IO L 338, 21.12.2011, lch. 2).

3 Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta íospartaigh na coireachta, maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh agus maidir le hiad a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lgh. 57–73).

4 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chur chun feidhme Threoir 2011/99/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir leis an ordú cosanta Eorpach (COM(2020) 187 final, 11.5.2020).

1.2. Cuspóir agus príomheilimintí an Rialacháin

Tá sé d'aidhm ag Rialachán a áirithiú, maidir le duine nádúrtha atá faoi chosaint birt cosanta in ábhair shibhialta i mBallstát ar leith, go mbeidh an duine sin in ann brath ar an gcosaint chéanna fós agus é ag taisteal nó ag dul chun cónaithe i mBallstát eile. An tráth céanna, tá sé d'aidhm ag an Rialachán coimirce a thabhairt do chearta cosanta an duine is cúis leis an mbaol.

Dá bhrí sin, leis an Rialachán, leagtar rialacha síos maidir le haitheantas frithpháirteach na mbeart cosanta a ordaítear sna Ballstáit. Cuireann na rialacha sin ar a gcumas do na húdaráis inniúla cosaint leanúnach a áirithiú ar fud an Aontais trí bhíthin sásra mear simplí.

Tá feidhm ag an Rialachán maidir le bearta cosanta náisiúnta in ábhair shibhialta a ordaítear in imeachtaí sibhialta agus riaracháin. Go sonrach, tá feidhm aige maidir le bearta lena bhforchuirtear oibleagáidí ar dhuine is cúis le baol d'iomláine choirp nó d'iomláine shíceolaíoch duine eile más aidhm do na bearta sin an duine eile sin a chosaint. Tá feidhm ag an Rialachán maidir le gach íospartach. Cumhdaíonn sé na trí chineál beart cosanta náisiúnta is coitianta:

- toirmisc nó rialuithe maidir le dul isteach san áit ina bhfuil cónaí ar an duine faoi chosaint, ina n-oibríonn sé, ar a dtugann sé cuairt go rialta nó ina bhfanann sé go rialta;
- toirmisc nó rialuithe maidir le dul i dteagmháil, de shórt ar bith, leis an duine faoi chosaint; agus
- toirmisc nó rialuithe maidir le dul i bhfoisceacht an duine faoi chosaint laistigh d'achar forordaithe.

Is iondúil gurb é is aidhm do bhearta cosanta aon chineál de na nithe seo a leanas a chosc:

- foréigean inscne;
- foréigean teaghlaigh; nó
- foréigean i ndlúthchaidreamh, amhail foréigean fisiceach, ciapadh, ionsaí gnéis, stalcaireacht, imeaglú nó aon chineál eile comhéigin neamhdhírigh.

Tá íospartaigh na gcoireanna sin i mbaol na híospartha tánaistí agus na hathíospartha, an imeaglaithe agus an díoltais. Sa chleachtas, is mná iad bunús na ndaoine a ndeonaítear bearta cosanta dóibh.

Is gnách sárú sách teoranta ar shaorghluaiseacht an duine is cúis leis an mbaol a bheith i gceist le horduithe cosanta. Go hiondúil, ní bhíonn infheistíochtaí móra airgeadais ag teastáil chun orduithe cosanta a eisiúint ná chun faireachán a dhéanamh orthu. Cuidíonn siad, áfach, leis an bhforéigean a laghdú agus a chosc[5].

Sa chleachtas, is é an duine a chosnaítear faoi bheart cosanta náisiúnta amháin nó níos mó (an 'duine faoi chosaint') a chuireann iarraidh faoi bhráid údarás an Bhallstáit ina n-ordaítear na bearta cosanta (an t-'údarás eisiúna'). Má ghéilltear don iarraidh, eisíonn an t-údarás eisiúna sa Bhallstát sin (an 'Ballstát tionscnaimh') deimhniúchán. Ansin, seolann an t-údarás eisiúna an deimhniúchán sin chuig an

[5] van der Aa, S., Niemi, J., Sosa, L., Ferreira, A., Baldry, A., *Mapping the legislation and assessing the impact of protection orders in the European Member States*, 2015.

t-údarás inniúil i mBallstát eile (an 'Ballstát ar a ndírítear') le go n-aithneofar agus go bhforghníomhófar na bearta cosanta ar chríoch an Bhallstáit ar a ndírítear. Féadfaidh an t-údarás inniúil sa Bhallstát ar a ndírítear aon bheart atá ar fáil faoina dhlí náisiúnta i gcásanna den chineál céanna a ghlacadh chun cosaint an duine faoi chosaint a choinneáil ar bun ar chríoch an Bhallstáit ar a ndírítear. Ní mór don Bhallstát ar a ndírítear an leibhéal céanna cosanta a sholáthar don íospartach agus a sholáthródh sé dá shaoránaigh féin i staid den chineál céanna.

Is i bhfoirm teimpléid chaighdeánaigh ilteangaigh, teimpléad a glacadh le gníomh cur chun feidhme ina dhiaidh sin[6], a bhíonn deimhniúchán na mbeart cosanta in ábhair shibhialta. Ní mór do na Ballstáit eile an deimhniúchán sin a aithint gan aon fhíorú breise. Ní mór an deimhniúchán a bheith infhorghníomhaithe go díreach, is é sin, ní mór an duine faoi chosaint a bheith in ann na bearta cosanta a agairt go díreach os comhair údaráis an Bhallstáit ar a ndírítear.

Ó bhí an 11 Eanáir 2015 ann, tá an Rialachán infheidhme go díreach i ngach Ballstát ach amháin an Danmhairg.

1.3. Cuspóir agus raon feidhme na tuarascála

Is ar fhaisnéis dhíreach ó na Ballstáit, don chuid is mó, atá anailís an Choimisiúin bunaithe. Bhain an Coimisiún sonraí príomha ó na fógraí a fuarthas ó na Ballstáit faoi Airteagal 18(1). Sna fógraí sin, liostaítear na húdaráis inniúla agus na teangacha a ghlactar chun críoch an Rialacháin. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún scrúdú ar na freagraí a fuarthas ar cheistneoir maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin ó tháinig sé i bhfeidhm. Sheol an Coimisiún an ceistneoir sin chuig údaráis inniúla na mBallstát i mí Iúil 2021 agus fuarthas freagraí ó 19 mBallstát. I measc na mBallstát uile, dheimhnigh 16 Bhallstát gur féidir bearta cosanta a ordú in ábhair shibhialta faoina gcóras dlí. Bhailigh an Coimisiún faisnéis bhreise faoi na húdaráis inniúla sna Ballstáit tríd an tairseach don ríomh-Cheartas.

Chun an tuarascáil seo a dhréachtú, bhain an Coimisiún úsáid as dhá staidéar breise, lena comhlánaíodh na sonraí ó na Ballstáit. Go sonrach, baineadh úsáid as staidéar a d'fhoilsigh Parlaimint na hEorpa in 2017. Sa staidéar sin, scrúdaíodh feidhmiú aitheantas frithpháirteach na mbeart cosanta in ábhair shibhialta mar chuid de mheasúnú ar chur chun feidhme na Treorach[7]. Rinne an Coimisiún cíoradh freisin ar an staidéar críochnaitheach ó POEMS, tionscnamh a fuair cistiú ó chlár DAPHNE an Choimisiúin idir 2012 agus 2014. Sa staidéar, rinneadh mapáil ar an reachtaíocht agus measúnú ar thionchar na mbeart cosanta sna Ballstáit[8].

Dírítear sa tuarascáil seo ar fhorálacha ar croílár an Rialacháin iad, forálacha atá ríthábhachtach le haghaidh feidhmiú rianúil aitheantas frithpháirteach na mbeart cosanta in ábhair shibhialta ar fud an Aontais.

---

6 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 939/2014 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2014 lena mbunaítear na deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagail 5 agus 14 de Rialachán (AE) Uimh. 606/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta (IO L 263, 3.9.2014, lch. 10).

7 Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, *European protection order – Study* [An t-ordú cosanta Eorpach – Staidéar], PE 603.272, Meán Fómhair 2017 (http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2017/603272/EPRS_STU(2017)603272_EN.pdf).

8 van der Aa, S. et al., op. cit.

Áirítear ar na forálacha sin an oibleagáid fógra a thabhairt faoi na cineáil údarás atá inniúil sna hábhair a gcumhdaítear leis an Rialachán, fógra lena sonraítear:

- na húdaráis atá inniúil maidir le deimhniúcháin beart cosanta a eisiúint;
- na húdaráis a ndéanfar beart cosanta a ordófar i mBallstát eile a agairt os a gcomhair (agus atá inniúil maidir leis an mbeart sin a fhorghníomhú);
- na húdaráis atá inniúil chun na bearta cosanta a choigeartú; agus
- na húdaráis a mbeidh an t-iarratas ar aitheantas a dhiúltú le cur faoina mbráid.

Scrúdaítear sa tuarascáil freisin na nithe seo a leanas:

- socruithe teanga na mBallstát;
- an oibleagáid cearta cosanta an duine is cúis leis an mbaol a urramú;
- eisiúint, próiseáil, agus tarchur dheimhniúcháin na mbeart cosanta sibhialta; agus
- ceartú agus aistarraingt dheimhniúcháin na mbeart cosanta sibhialta.

2. MEASÚNÚ GINEARÁLTA

Cumhdaítear sa tuarascáil gach Ballstát a bhfuil an Rialachán ina cheangal air[9].

Féadfaidh údaráis eisiúna sa Bhallstát tionscnaimh bearta cosanta a ordú in ábhair shibhialta, mar shampla toirmisc maidir le dul i bhfoisceacht duine eile laistigh d'achar forordaithe. Faoi aithris 14 den Rialachán, ní mór don Bhallstát ar a ndírítear na bearta sin a aithint mar bhearta cosanta in ábhair shibhialta.

Sa bhreis air sin, ní mór an coincheap d'ábhair shibhialta a léirmhíniú go huathrialach. Féadfar gur údarás de chineál sibhialta, riaracháin nó coiriúil an t-údarás a ordaíonn beart cosanta. Ní hábhartha cineál sin an údaráis, áfach, chun measúnú a dhéanamh an de chineál sibhialta beart cosanta faoi leith, a fhad a bhaineann an cinneadh féin le hábhair shibhialta (aithris 10).

Cuirtear traidisiúin dhlíthiúla éagsúla na mBallstát san áireamh sa Rialachán, agus ní chuirtear isteach ar na córais náisiúnta maidir le bearta cosanta a ordú. Ciallaíonn sin nach gcuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit a gcóras náisiúnta a mhodhnú ionas go bhféadfaí bearta cosanta a ordú in ábhair shibhialta. Ní chuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit ach oiread bearta cosanta in ábhair shibhialta a thabhairt isteach le haghaidh chur i bhfeidhm an Rialacháin (aithris 12).

Dheimhnigh 12 Bhallstát leis an gCoimisiún gur féidir bearta cosanta a ordú in ábhair shibhialta faoina gcóras dlí. I measc na mBallstát uile, dheimhnigh ceithre Bhallstát nach ndéantar foráil iontu le haghaidh bearta cosanta in ábhair shibhialta ná le haghaidh deimhniúcháin a chumhdaítear leis an Rialachán. Chuir an Coimisiún an méid sin san áireamh agus an tuarascáil á dréachtú aige.

[9] Ní chumhdaítear an Ríocht Aontaithe sa tuarascáil ós rud é gur tar éis fhágáil an Aontais don tír sin, agus tar éis dheireadh na hidirthréimhse a raibh an Rialachán fós i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe lena linn, a bailíodh na sonraí faoi chur chun feidhme an Rialacháin le haghaidh na coda anailísí den tuarascáil.

Dá thoradh sin, tugann an tuarascáil léargas ar an staid sna Ballstáit a mhéid atá feidhm ag an Rialachán leo sa chleachtas. Cuirtear aithris 12 den Rialachán san áireamh sa tuarascáil freisin.

I dtuarascáil chríochnaitheach POEMS in 2015[10] agus i staidéar Pharlaimint na hEorpa in 2017[11], fuarthas amach go ndéanann gach Ballstát foráil maidir le foirm éigin d'orduithe cosanta coiriúla nó sibhialta. Sa dá thuarascáil, áfach, fuarthas amach go mbíonn éagsúlachtaí móra san Aontais idir na dlíthe maidir le horduithe cosanta agus idir na leibhéil chosanta, rud a d'fhéadfadh a chur isteach ar fheidhmiú rianúil na Treorach agus an Rialacháin, arb ionann le chéile iad agus creat dlí an Aontais.

De réir dealraimh, roghnaíonn an chuid is mó de na Ballstáit córas lena n-ordaítear bearta cosanta tar éis imeacht coiriúil, nó córas lena n-ordaítear iad tar éis imeacht sibhialta nó riaracháin. I mBallstáit eile, tá meascán de bhearta sibhialta agus coiriúla ar fáil do na híospartaigh.

I gcásanna áirithe, bíonn deacrachtaí ag údaráis inniúla na mBallstát a shuí an bhfuil feidhm ag an Treoir nó an Rialachán. Is dóiche an staid sin nuair a bhíonn roinnt bearta de chineálacha éagsúla (sibhialta, riaracháin nó coiriúla) in ordú cosanta amháin.

Dá bhrí sin, is intuigthe ó thuarascáil chríochnaitheach POEMS in 2015 agus ó staidéar Pharlaimint na hEorpa in 2017 araon go bhfuil éagsúlachtaí móra ann ar fud an Aontais, sa chleachtas, maidir le húsáid na mbeart cosanta in ábhair shibhialta agus choiriúla agus maidir leis an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm iad.

3. MEASÚNÚ SONRAITHE

3.1. Na húdaráis inniúla (Airteagal 18(1)(a))

Le hAirteagal 18(1)(a) den Rialachán ceanglaítear ar na Ballstáit na cineálacha údarás atá inniúil maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an Rialacháin a chur in iúl don Choimisiún. Faoi mhí Iúil 2015, bhí an fhaisnéis ba ghá curtha in iúl don Choimisiún ag gach Ballstát a raibh an Rialachán ina cheangal air, ach amháin Ballstát amháin.

De réir Airteagal 5(1) den Rialachán, ní mór d'údarás eisiúna an Bhallstáit tionscnaimh an deimhniúchán a eisiúint san fhoirm chaighdeánach ilteangach arna iarraidh sin don duine faoi chosaint. Le hAirteagal 18(1)(a)(i) ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na catagóirí údarás atá inniúil maidir le bearta cosanta a ordú agus le deimhniúcháin a eisiúint.

Ar na Ballstáit uile a bhfuil an Rialachán infheidhme orthu, thug 20 Ballstát acu fógra gurb iad na cúirteanna a bhfuil inniúlacht gheografach acu atá inniúil maidir le bearta cosanta a ordú agus a eisiúint in ábhair shibhialta. Áirítear orthu sin cúirteanna céadchéime, cúirteanna achomhairc agus cúirteanna uachtaracha. Ar na Ballstáit uile, luaigh cúig Bhallstát cúirteanna teaghlaigh nó rannóg teaghlaigh na gcúirteanna go sainráite, agus luaigh Ballstát amháin an chúirt oibreachais. Thairis sin, chuir ceithre Bhallstát in iúl go bhfuil na hionchúisitheoirí poiblí inniúil freisin.

---

10 van der Aa, S. et al., op. cit.

11 Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, op. cit.

Ionas go gcuirfear na cineálacha éagsúla údarás a ordaíonn bearta cosanta in ábhair shibhialta sna Ballstáit san áireamh, tá an Rialachán infheidhme maidir le cinntí na n-údarás breithiúnacha agus na n-údarás riaracháin araon. Ní mór do na húdaráis riaracháin, áfach, ráthaíochtaí a thabhairt maidir lena neamhchlaontacht féin agus maidir le ceart na bpáirtithe chun athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Ciallaíonn an méid sin, freisin, nach féidir le húdaráis phóilíneachta a bheith ina n-údaráis eisiúna (aithris 13). Chuir Ballstát amháin in iúl don Choimisiún go bhfuil méara an bhaile inniúil. Chuir Ballstát eile in iúl go bhféadfaidh na póilíní, ag feidhmiú dóibh mar chomhlacht dá dtugtar cumhachtaí riaracháin phoiblí, bearta sriantacha coisctheacha sealadacha a ordú, agus deimhniúcháin a eisiúint.

Le hAirteagal 18(1)(a)(ii) den Rialachán ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiúin faoi na cineálacha údarás:

- a ndéanfar beart cosanta a ordófar i mBallstát eile a agairt os a gcomhair; agus/nó
- atá inniúil maidir leis an mbeart sin a fhorghníomhú.

I measc na mBallstát uile, d'ainmnigh 12 Bhallstát cúirteanna, agus d'ainmnigh gach Ballstát acu siúd, ach amháin Ballstát amháin, go sainráite na cúirteanna a bhfuil inniúlacht gheografach acu, amhail cúirteanna dúiche, cúirteanna cathrach nó cúirteanna contae. I dtrí Bhallstát, tá na hionchúisitheoirí poiblí inniúil, agus i gceithre Bhallstát eile, tá an báille inniúil. Sa bhreis air sin, tugann ocht mBallstát ról do na húdaráis forfheidhmithe dlí chun bearta cosanta a fhorghníomhú. De réir dealraimh, in dhá Bhallstát, tá freagracht dhíreach ar na póilíní deimhniúcháin a aithint agus bearta cosanta a fhorghníomhú.

Le hAirteagal 18(1)(a)(iii) den Rialachán ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na cineálacha údarás atá inniúil chun na bearta cosanta a choigeartú. I measc na mBallstát uile, d'ainmnigh 18 mBallstát go sainráite na cúirteanna a bhfuil inniúlacht gheografach acu, amhail cúirteanna dúiche, cúirteanna cathrach, cúirteanna contae, nó uachtarán an bhinse áitiúil. Thairis sin, d'ainmnigh trí Bhallstát na cúirteanna nó na cúirteanna céadchéime go ginearálta, agus d'ainmnigh dhá Bhallstát na hionchúisitheoirí poiblí agus d'ainmnigh dhá Bhallstát eile an báille.

Ar deireadh, le hAirteagal 18(1)(a)(iv) den Rialachán, ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na cineálacha údarás a mbeidh an t-iarratas ar aitheantas (agus forghníomhú) a dhiúltú le cur faoina mbráid. I measc na mBallstát uile, d'ainmnigh 17 mBallstát go sainráite na cúirteanna a bhfuil inniúlacht gheografach acu. Os a choinne sin, d'ainmnigh ceithre Bhallstát cineálacha cúirteanna eile, amhail cúirteanna céadchéime, cúirteanna mionchionta, agus cúirteanna achomhairc.

3.2. An córas teanga (Airteagal 18(1)(b), Airteagal 16, Airteagal 4(2)(c) agus Airteagal 5(3))

I gcás inar gá, ní mór do dhuine faoi chosaint ar mian leis beart cosanta a agairt sa Bhallstát ar a ndírítear aistriúchán ar an deimhniúchán a chur ar fáil do na húdaráis inniúla (Airteagal 4(2)(c)). Féadfaidh an duine faoi chosaint a iarraidh ar an mBallstát tionscnaimh an t-aistriúchán sin a chur ar fáil (Airteagal 5(3)).

Ní mór an deimhniúchán a aistriú go ceann amháin de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ar a ndírítear nó go teanga oifigiúil de chuid an Aontais ar chuir an Ballstát sin in iúl gur féidir leis glacadh léi (Airteagal 16(1)). Bhí ar na Ballstáit an fhaisnéis

sin a chur in iúl don Choimisiún faoin 11 Iúil 2014 (Airteagal 18(1)(b)). I measc na mBallstát uile, chomhlíon ocht mBallstát an sprioc-am sin. Faoi mhí Iúil 2015, bhí an fhaisnéis ba ghá curtha in iúl don Choimisiún ag gach Ballstát a raibh an Rialachán ina cheangal air, ach amháin Ballstát amháin.

I measc na mBallstát uile, glacann trí Bhallstát le deimhniúcháin isteach as Béarla agus chuir Ballstát amháin in iúl don Choimisiún go nglacann ceann amháin dá chúirteanna dúiche le deimhniúcháin isteach as Iodáilis. Thairis sin, glacann dhá Bhallstát le deimhniúcháin isteach i dteangacha breise ar bhonn frithpháirteach.

3.3. Ráthaíochtaí nós imeachta le haghaidh an duine is cúis leis an mbaol (Airteagail 6, 11, 12 agus 13)

Déanann an Rialachán foráil maidir le coimircí sonracha chun a áirithiú, má iarrann duine faoi chosaint go n-eiseofar deimhniúchán, go n-urramófar cearta cosanta an duine is cúis leis an mbaol (Airteagal 6). Go háirithe, ní mór don údarás inniúil a fhíorú, maidir leis an duine is cúis leis an mbaol:

- ar tugadh fógra dó maidir leis an mbeart cosanta (nó maidir le coigeartú air, i gcomhréir le hAirteagal 11(3));
- ar cuireadh ar an eolas é maidir le tionscnamh an imeachta; nó
- an bhfuil sé de cheart aige agóid a dhéanamh i gcoinne an bhirt cosanta sa Bhallstáit tionscnaimh.

I gcúig Bhallstát, tugann báille nó oifigeach cúirte fógra faoin mbeart cosanta go pearsanta don duine is cúis leis an mbaol.

In dhá Bhallstát, tugtar fógra don duine is cúis leis an mbaol go pearsanta nó trí bhíthin litir chláraithe. I mBallstát amháin, is trí bhíthin litir chláraithe amháin a dhéantar sin. I mBallstát amháin, tugtar an fógra i scríbhinn i mbunús na gcásanna (go leictreonach nó trí bhíthin litir chláraithe). Má bhíonn an duine is cúis leis an mbaol i láthair ag an éisteacht, tugtar an fhaisnéis ó bhéal. I mBallstát amháin, tugtar fógra don duine trí bhíthin gnáthlitir tríd an bpost. I dtrí Bhallstát, féadfaidh na póilíní, i gcásanna áirithe, an fógra a thabhairt go pearsanta.

I dtrí Bhallstát, níl aon riail shonrach ann maidir le fógra a thabhairt faoin deimhniúchán. Is féidir fógra a thabhairt don duine is cúis leis an mbaol ar dhóigheanna éagsúla, amhail meán leictreonach, litir chláraithe, soláthraithe seirbhísí cúiréireachta, nó go pearsanta.

Níor thuairiscigh na Ballstáit aon fhadhb leanúnach maidir le fógra a thabhairt don duine is cúis leis an mbaol.

Faoin Rialachán, is féidir leis an duine is cúis leis an mbaol caingean breithiúnach a dhéanamh sa Bhallstát ar a ndírítear. Is féidir leis an duine is cúis leis an mbaol achomharc a dhéanamh i gcoinne choigeartú an bhirt cosanta (Airteagal 11(5)). I gcásanna áirithe[12], is féidir leis an duine sin a iarraidh go ndiúltófar aitheantas nó forghníomhú an bhirt cosanta freisin (Airteagal 13(1)).

[12] Más léir go mbeadh an t-aitheantas sin ag teacht salach ar an mbeartas poiblí sa Bhallstát ar a ndírítear nó dá mbeadh sé bunoscionn le breithiúnas a tugadh nó a aithnítear sa Bhallstát ar a ndírítear.

Sholáthair Ballstát amháin staitisticí maidir le caingne a rinne daoine ba chúis leis an mbaol os comhair na cúirte chéadchéime. Rinneadh 13 iarraidh san iomlán in 2017, 28 n-iarraidh in 2018 agus 13 iarraidh in 2019.

3.4. Eisiúint, próiseáil agus tarchur an deimhniúcháin (Airteagal 4(1) agus Airteagal 5(1))

Is féidir le duine faoi chosaint a iarraidh ar údarás eisiúna an Bhallstáit tionscnaimh an deimhniúchán a eisiúint (Airteagal 5(1)) agus a dhíriú ar údaráis Bhallstáit eile lena aithint agus lena fhorghníomhú. Faoi Airteagal 4(1) den Rialachán, ní mór do na Ballstáit bearta cosanta a ordaítear i mBallstát eile a aithint gan aon nós imeachta speisialta a bheith ag teastáil. Thairis sin, ní mór na bearta sin a bheith infhorghníomhaithe go díreach sa Bhallstát ar a ndírítear.

Bhí oibriú na foirme caighdeánaí ilteangaí a eisítear faoi Airteagal 5 den Rialachán, a hábhar san áireamh, sásúil dar le gach ceann de na hocht mBallstát a sholáthair aiseolas faoin gceist.

I measc na mBallstát uile, is féidir na deimhniúcháin a sheoladh go leictreonach i seacht mBallstát. Sa bhreis air sin, dheimhnigh cúig Bhallstát gur féidir na deimhniúcháin le haghaidh aitheantas na mbeart cosanta in ábhair shibhialta a phróiseáil go digiteach. Ar na Ballstáit sin, bhí taithí dhearfach ag ceithre Bhallstát i dtaca leis an méid sin, agus ní raibh taithí dhiúltach ag aon cheann acu. Níor chuir aon Bhallstát in iúl don Choimisiún go raibh fadhb ann maidir leis na deimhniúcháin a sheoladh. Mar sin féin, luaigh Ballstát amháin nach mór foirmeacha caighdeánacha faoi leith a líonadh isteach má bhíonn níos mó ná duine amháin i gceist. I gcásanna den chineál sin, bíonn níos mó ama ag teastáil chun na foirmeacha a líonadh isteach.

Níor dhearbhaigh aon Bhallstát go raibh fadhbanna leanúnacha ann maidir leis an nós imeachta, comhlíonadh na sprioc-amanna san áireamh. Ar deireadh, chuir ceithre Bhallstát in iúl nach bhfuil sonraí ná taithí phraiticiúil acu.

3.5. Bearta cosanta agus deimhniúcháin a cheartú nó a aistarraingt (Airteagal 14(1) agus Airteagal 9(1))

Is féidir beart cosanta a chur ar fionraí, a theorannú nó a aistarraingt sa Bhallstát tionscnaimh. Sa chás sin, féadfaidh an duine cosanta nó an duine is cúis leis an mbaol a iarraidh go n-eiseofar deimhniúchán chun a áirithiú go gcuirfear an t-athrú sin san áireamh sa Bhallstát ar a ndírítear (Airteagal 14(1)).

Má tá earráid chléireachais sa deimhniúchán nó más léir gur deonaíodh é go mícheart, féadfaidh an duine cosanta nó an duine is cúis leis an mbaol ceartú nó aistarraingt an deimhniúcháin a iarraidh. Féadfaidh an t-údarás eisiúna é sin a dhéanamh ar a thionscnamh féin freisin (Airteagal 9(1)).

Bhí oibriú na foirme caighdeánaí ilteangaí a eisítear faoi Airteagal 14 den Rialachán, a hábhar san áireamh, sásúil dar le gach ceann de na hocht mBallstát a sholáthair aiseolas faoin gceist.

Níor sholáthair ach Ballstát amháin faisnéis faoin am meánach chun an aistarraingt nó an ceartú a chur i gcrích, agus chuir an Ballstát sin in iúl go nglacann sé idir 10

agus 14 lá. Thairis sin, chuir Ballstát amháin in iúl gur ghá, i gcás amháin, deimhniúchán a cheartú mar gheall ar earráid ríomha.

I mBallstát amháin eile, níl aon sprioc-am leagtha síos leis an dlí náisiúnta le haghaidh cheartú ná aistarraingt an deimhniúcháin. Sa Bhallstát sin, déantar scrúdú ar an gceist le linn éisteacht chúirte nach mór fógra fúithi a thabhairt do na rannpháirtithe roimh ré. Dá bhrí sin, bíonn faid éagsúla ag an nós imeachta ag brath ar fhaid na n-imeachtaí cúirte sin. Ar deireadh, bhí naoi mBallstát ann nár sholáthair sonraí nó a chuir in iúl nach raibh aon chás acu.

3.6. Ardú feasachta agus oiliúint maidir le cur chun feidhme an Rialacháin

I measc na mBallstát uile, chuir seacht mBallstát feachtais feasachta faoi chur chun feidhme an Rialacháin ar bun i measc na n-údarás breithiúnach agus na ngairmithe breithiúnacha, go háirithe trí bhíthin litreacha faisnéise, suímh ghréasáin, treoirleabhair agus lámhleabhair, comhlachais bharra, agus treoirlínte.

Eagraíodh seisiúin oiliúna faoi chur chun feidhme an Rialacháin i gcúig Bhallstát. I gceithre cinn de na Ballstáit sin, áfach, níor díríodh na seisiúin ar an Rialachán go sonrach, ach ba chuid iad de chláir ghinearálta le haghaidh breithiúna nó oifigigh chúirte.

4. BAILIÚ NA SONRAÍ

I mí Iúil 2021, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig na húdaráis inniúla sna Ballstáit chun sonraí agus faisnéisí a bhailiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin ó tháinig sé i bhfeidhm. Fuair an Coimisiún freagraí ó 19 mBallstát, agus dheimhnigh 16 Bhallstát acu sin gur féidir bearta cosanta a ordú in ábhair shibhialta faoina gcóras dlí.

Fuair an Coimisiún go raibh 10 mBallstát ann (i.e. leath na mBallstát a bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir leo) a dhearbhaigh nach raibh sonraí staitistiúla imdhealaithe acu maidir le bearta cosanta in ábhair shibhialta. Dá bhrí sin, ní raibh na Ballstáit sin in ann sonraí a sholáthar maidir leis an líon deimhniúchán a eisíodh nó a fuarthas faoin Rialachán. I measc na mBallstát uile, sholáthair 7 mBallstát sonraí, ach chuir siad uimhreacha fíor-ísle in iúl maidir le líon na ndeimhniúchán a eisíodh agus a fuarthas araon (idir 1 agus 0). I mBallstát amháin, eisíodh 25 dheimhniúchán.

I measc na mBallstát uile, d'fhreagair 14 Bhallstát nach raibh aon chás acu nó nach raibh staitisticí imdhealaithe acu maidir leis na hiarrataí ar eisiúint deimhniúchán a fuair siad ina gcáil mar Bhallstáit tionscnaimh. Os a choinne sin, chuir dhá Bhallstát in iúl go raibh iarraidh amháin ar eisiúint deimhniúcháin faighte ag a n-údarás inniúil, agus gur diúltaíodh do cheann amháin acu.

Fiosraíodh freisin sa cheistneoir faoi chásanna inar fhorghníomhaigh na Ballstáit, ina gcáil mar Bhallstáit ar a ndírítear, beart cosanta trí bhíthin an deimhniúcháin faoi Airteagal 5 agus, sa chás sin, faoi chásanna inar choigeartaigh siad an beart sin. I measc na mBallstát uile, chuir 5 Bhallstát in iúl nach raibh aon chás mar sin acu.

Chomh maith leis sin, chuir cúig Bhallstát in iúl nach raibh aon chás acu ina ndearnadh achomharc i gcoinne coigeartú ar bheart cosanta.

Maidir le bearta cosanta a cuireadh ar fionraí, a ceartaíodh, nó a aistarraingíodh faoi Airteagal 14 nó faoi Airteagal 9 den Rialachán, chuir beagnach gach Ballstát a d'fhreagair an ceistneoir in iúl nárbh eol dóibh aon chás a bheith acu (dhá Bhallstát) nó nach raibh sonraí imdhealaithe acu fúthu (naoi mBallstát). Bhí sé sin gan beann ar iad a bheith ag gníomhú mar Bhallstát tionscnaimh nó mar Bhallstát ar a ndírítear. I mBallstát amháin, ceartaíodh deimhniúchán amháin i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán, mar gheall ar earráid ríomha.

Cuireadh an easpa sonraí a bheadh iontaofa agus ar fáil don phobal maidir le minicíocht na n-orduithe cosanta sibhialta i dtábhacht cheana i dtuarascáil chríochnaitheach POEMS in 2015[13] agus i staidéar Pharlaimint na hEorpa in 2017[14]. Thuairiscigh an dá thuarascáil nach raibh staitisticí tráthrialta ag a lán Ballstát agus nach raibh le húsáid acu ach staidéir theagmhasacha. Sa bhreis air sin, b'iondúil gur chumhdaigh an fhaisnéis a soláthraíodh orduithe cosanta áirithe nó codanna áirithe den tír. Ba é conclúid na staidéar go bhféadfaí a thuiscint ó na héagsúlachtaí móra sna sonraí a bailíodh sna Ballstáit éagsúla go raibh gannmheas suntasach á dhéanamh ar fhíormhinicíocht na mbeart cosanta sibhialta. Tá conclúid cosúil leis sin le baint as torthaí shuirbhé 2021. Is dúshlán roimh mheastachán cruinn ar úsáid na mbeart

13 van der Aa, S. et al., op. cit.

14 Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, op. cit.

cosanta sibhialta é gan sonraí imdhealaithe a bheith ag na Ballstáit ar féidir bearta cosanta a ordú in ábhair shibhialta faoina gcóras dlí.

5. CONCLÚID

Tá feidhmiú rianúil an Rialacháin ríthábhachtach chun cosaint iomlán agus iontaofa a chur ar fáil d'íospartaigh na coireachta san Aontas agus a gceart chun saorghluaiseachta á fheidhmiú acu.

De réir na mBallstát lena mbaineann, tá croílár an chórais aitheantais fhrithpháirtigh a bhunaítear leis an Rialachán (i.e. oibriú na foirme caighdeánaí ilteangaí) sásúil. Sa bhreis air sin, de réir dealraimh ní raibh aon fhadhb mhór ag na Ballstáit agus iad ag cur príomhghnéithe an Rialacháin i bhfeidhm, amhail na gnéithe a bhaineann le deimhniúcháin a eisiúint, a phróiseáil agus a tharchur. Is féidir le roinnt Ballstát na deimhniúcháin a sheoladh go leictreonach.

Ní thuairiscíonn na Ballstáit aon fhadhbanna leanúnacha ach oiread maidir leis na ráthaíochtaí nós imeachta le haghaidh an duine is cúis leis an mbaol. Go háirithe, maidir le fógra faoi na bearta cosanta a thabhairt don duine sin, cuireann Ballstáit nósanna imeachta difriúla i bhfeidhm, amhail fógra trí bhíthin litir chláraithe nó trí mheán leictreonach nó fógra pearsanta a thabhairt.

Níor sainaithníodh san anailís fadhbanna maidir le ceartú nó aistarraingt na mbeart cosanta. Chuir roinnt Ballstát in iúl nach raibh aon chás mar sin acu.

Mar i gcás na tuarascála faoi chur chun feidhme na Treorach maidir leis an Ordú Cosanta Eorpach, áfach, léiríonn an anailís seo gur dócha go gcuirfidh difríochtaí dlí agus cleachtais maidir le bearta cosanta sibhialta san Aontas cosc ar bharr cumais na hionstraime a bhaint amach agus go gcuirfidh siad isteach ar aitheantas frithpháirteach rathúil na n-orduithe cosanta. Léiríonn an anailís gur deacair, i gcásanna áirithe, a chinneadh an í an Treoir nó an Rialachán is infheidhme. Mar shampla, baineann sé sin leis na cásanna ina gcumhdaítear roinnt beart de chineálacha éagsúla (sibhialta, riaracháin nó coiriúla) le hordú cosanta amháin.

Sa bhreis air sin, léiríonn an tuarascáil seo gur féidir feabhas a chur ar an bhfeasacht ar an Rialachán sna Ballstáit. Dá gcuirfí ardú feasachta chun cinn agus dá soláthrófaí faisnéis agus treoraíocht do chleachtóirí agus do pháirtithe leasmhara ar an leibhéal náisiúnta, d'fhéadfadh sé sin cuidiú chun úsáid níos fearr a bhaint as an Rialacháin.